# Treoir maidir le figiúirí a ríomh don Éileamh Cúitimh CBL i gCuntais Sage 50

Beidh na suimeanna seo a leanas ag teastáil uait agus éileamh á chur isteach agat:

- Ioncam Iomlán
- Ioncam Cáilitheach
- Cáin Cháilitheach
- Suim an éilimh


## Ioncam Iomlán

Seo an t-iomlán iarbhír airgid a fuarthas le linn na bliana féilire 2022.
Ní mór na nithe seo a leanas a eisiamh agus an t-ioncam iomlán á ríomh:

- Airgead a bhailítear agus a aistrítear go díreach chuig carthanacht eile (m.sh. Cóid <3852/3853>)
- aon iasachtaí inaisíoctha do charthanas
- suimeanna a fuarthas faoin TWSS/EWSS


Chun ioncam iomlán a ríomh beidh ort na fáltais bhainc uilig a chur le chéile don tréimhse, gan na suimeanna atá sonraithe thuas a áireamh. Bealach amháin chun é seo a dhéanamh ná:

1. Cuir tuairisc i gcruth ar na fáltais bhainc don tréimhse 01/01/2022-31/12/2022 ag fágáil gach réimse eile bán. Easpórtáil na tuarascálacha seo go Excel ag baint úsáide as an rogha "Data to Excel" (ní an "Report to Excel").





2. Déan é seo do gach cuntas bainc (lena n-áirítear an cuntas imréitigh um réiteach íocaíochta ar líne má tá sé seo á oibriú agat) agus cuir na sonraí le chéile ar aon leathanach amháin.

3. Nuair a dhéanann tú fáltais bhainc a chóipeáil ó thuarascáil Excel amháin go tuarascáil eile beidh ort an tábla sonraí a athfhormáidiú.
   a. Sa tuairisc excel cliceáil ar an táb "Table design" agus ansin "Resize table"




b. Osclóidh sé seo fuinneog foirmle:




Cinntigh gurb í an uimhir deiridh san fhoirmle uimhir an ró dheireanach de d'fháltais bhainc.


4. Is féidir leat na sonraí a shórtáil anois de réir cód ainmniúil. Sa cholún atá ainmnithe "TransactionItemised.NominalAccountReference" (taispeántar sa cholún seo na cóid ainmniúla ar postáladh an fáltas chucu) ón táb scagaire anuas is féidir leat "Select the sort A to Z option" a roghnú.




5. Scrios rónna ar bith nár cheart a chur san áireamh i bhfigiúr an ioncaim iomláin, is é sin; airgead a bhailítear do charthanacht eile, iasachtaí inaisíoctha, suimeanna a fuarthas faoin TWSS/EWSS nó suimeanna dúbláilte m.sh. i gcás ina bhfuil fáltas taifeadta agat sa chuntas imréitigh um réiteach íocaíochta ar líne agus sa chuntas reatha, rinneadh an lóisteáil seo a chomhaireamh faoi dhó. Scrios an lóisteáil sa chuntas reatha mar ní bheidh an anailís ioncaim aige seo.

6. Ba cheart an colún luacha a áireamh ansin chun suim iomlán an ioncaim a léiriú.

   a. Cliceáil ar an tábla agus sa táb dearaidh cuir tic sa bhosca "Total Row"





b. Téigh go dtí deireadh an tábla agus beidh ró "Total" ann. Sa cholún a thaispeánann na luachanna fála cliceáil isteach sa chill sa ró "Total" agus roghnaigh suim ó na roghanna anuas. Is é seo do shuim ioncaim iomlán.
c. Déan sábháil ar an mbileog seo.

## Ioncam Cáilitheach

Tugtar "ioncam cáilitheach" ar an gcion d'ioncam carthanais atá maoinithe go príobháideach. Ba cheart gur síntiúis, ioncam tiomsaithe airgid nó ranníocaíochtaí deonacha amháin a bheadh i gceist leis seo. Ní féidir leat aon airgead a fuarthas ón Stát, táillí riaracháin scoile (3390), aon airgead a fuarthas le haghaidh seirbhísí, ioncam siopa (3430) nó ceaintín (3420) a chur san áireamh.

Chun an tIoncam cáilitheach a ríomh:

1. Sa cholún "TransactionItemised.NominalAccountReference" (is é sin, an colún a thaispeánann na cóid cuntais ainmniúla ar postáladh an fáltas chucu) cliceáil ar an táb scagaire agus roghnaigh na cóid do na cóid ioncaim cháilithigh ábhartha.




Déan nóta sa chás go bhfuil ioncam agat a taifeadadh de réir cód ainmniúil, mura bhfuil sé soiléir cé acu an ioncam cáilitheach é nó nach ea m.sh Áirítear ranníocaíochtaí deonacha ar ioncam scoile a fuarthas roimh ré, athraigh an cód ar na míreanna seo go dtí an cód ioncaim ábhartha do ranníocaíochtaí deonacha. Ar an mbealach seo, cuirfidh an scagaire san áireamh iad.

2. Taispeánfar an tsuim ioncaim cháilithigh anois sa ró iomlán. Sábháil cóip den bhileog seo mar fhianaise tacaíochta don tsuim ioncaim cháilithigh.


## Cáin Cháilitheach

Seo an ghné CBL a íoctar ar aon earraí nó seirbhísí chun oideachas a sholáthar. Chun an tsuim chánach cháilitheach a ríomh:

1. Cuir tuairisc i gcruth ar na híocaíochtaí bainc don tréimhse 01/01/2022-31/12/2022 do gach cuntas bainc agus cuir le chéile iad in aon bhileog amháin.
2. Nuair a dhéanann tú íocaíochtaí bainc a chóipeáil ó thuarascáil Excel amháin go tuarascáil eile beidh ort an tábla sonraí a athfhormáidiú.
   a. Sa tuairisc excel cliceáil ar an "table design tab" agus ansin "Resize table"





   b. Osclóidh sé seo fuinneog foirmle:




   Cinntigh gurb í an uimhir deiridh san fhoirmle uimhir an ró dheireanach de d'íocaíochtaí bainc.

3. I ró an cheanntásc in aice leis an gcolún deiridh cuir isteach "CBL 23%" agus buail an eochair Enter. Leathnóidh sé seo an tábla. Cuir colún eile "CBL 13.5%" leis.

4. Beidh ort dul trí gach íocaíocht agus an méid CBL cáilitheach a chur isteach. Chun seo a dhéanamh níos éifeachtaí, is fiú an tábla a shórtáil de réir cód ainmniúil.
   Sa cholún atá ainmnithe "TransactionItemised.NominalAccountReference", ón táb scagaire anuas is féidir leat "Select the sort A to Z option" a roghnú.




5. Sa cholún "CBL 23%" cuir isteach foirmle chun an ghné CBL d'íocaíocht ar bith a ríomh ag 23%. m.sh., =O3/123*23, (i gcás gurb é O colún na suime íocaíochta agus gurb é 3 uimhir an ró. Faoi "CBL 13.5%", cuir isteach foirmle =O3/113.5*13.5, ag glacadh leis gurb é O colún na suime íocaíochta agus gurb é 3 uimhir an ró).

   Cuirfidh sé seo figiúr CBL sa cholún iomlán. Beidh ort dul trí gach colún ag scriosadh na suimeanna CBL nach mbaineann. Déan cinnte nach bhfuil tú ag cur CBL san áireamh ar chostais neamhcháilitheacha ar nós costais siopa (6830) nó ceaintín (Cód 4915) nó costais neamh-inchánach ar nós árachas (Cód 5450) nó pá.

   Is iad na rátaí ábhartha CBL don bhliain 2022 ná:


*Current VAT rates*

| Date effective from | Standard rate (%) | Reduced rate (%) | Second reduced rate (%) | Livestock rate (%) | Flat-rate compensation percentage for Farmers (%) |
|---|---|---|---|---|---|
| 1 January 2022 | 23 | 13.5 | 9 | 4.8 | 5.5 |
| 1 March 2021 | 23 | 13.5 | 9 | 4.8 | 5.6 |
| 1 January 2021 | 21 | 13.5 | 9 | 4.8 | 5.6 |
| 1 September 2020 | 21 | 13.5 | 9 | 4.8 | 5.4 |
| 1 January 2020 | 23 | 13.5 | 9 | 4.8 | 5.4 |

*Published: 21 February 2022*

6. Ba cheart ansin na colúin CBL a chur le chéile agus a shuimiú le chéile chun an figiúr cánach cáilitheach a léiriú.

    a. Cliceáil ar an tábla agus sa táb dearaidh cuir tic sa bhosca “Total Row”




b. Téigh go dtí deireadh an tábla agus beidh ró “Total” ann. Sa cholún luacha cliceáil isteach sa chill sa ró “Total” agus roghnaigh suim ó na roghanna anuas. Is iad seo na suimeanna cánach cáilitheacha a bheidh agat.
c. Déan sábháil ar an mbileog seo.

**Suim an éilimh**
Chun suim na haisíocaíochta CBL don éileamh a ríomh:

1. Roinn an “Ioncam Cáilitheach” ar an bhfigiúr “Ioncam Iomlán” chun an % inlamhála a fháil.
2. Méadaigh an tsuim “Cáin Cháilitheach” faoin % inlamhála

    **M.SH.**
    Is é €750,000 an tIoncam Iomlán. Is é €25,000 an tIoncam Cáilitheach. Dá bhrí sin tá an % inlamhála
    (25000/750,000) = 3.33%.

    Cáin Cháilitheach = €65,000. Is é an cháin cháilitheach méadaithe faoin % inlamhála 3.33
    ná €2,165. Is é seo suim an éilimh.